**Polasaí:** **Éidiú an Chlub**
**Dáta glactha:** **6ú Feabhra 2024**

**Imchruth**
Is deis iontach é dathanna agus suaitheantas ár gclub a thaispeáint nuair a chaitheann muid éidiú an chlub.

Bainistithe i gceart, is féidir le héidiú an chlub a bheith mar snaithe coitianta a dhéanann achan bhall den chlub, idir óg agus aosta, fireann nó baineann, imreoirí nó neamh-imreoirí a chomhaontú.

Caithfidh bainistíocht éidiú an chlub fachtóirí éagsúla a ghlacaint san áireamh go háirithe:

- Athghabháil costais
- Branda an chlub a fheabhsú
- Urraitheoirí an chlub a chur chun cinn
- Ionannas an chlub ( dathanna agus oidhreacht san áireamh)

**Ba chóir go mbeadh an chlub mar phríomhthairbhí branda an chlub, agus ba cheart é seo a mheas ag gach céim i saolré éidiú an chlub, dearadh agus roghnú soláthraithe san áireamh.**

**Polasaí**

1. Ceapfaidh an cisteoir an chlub Bainisteoir Éidiú Club.

2. Eagróidh Bainisteoir Éidiú an Chlub fochoiste de suas go triúr ar cheart dóibh síniú ar dhearaí srl…roimh ordú / táirgeadh.

3. Beidh Bainisteoir Éidiú an Chlub freagrach as an dearadh, soláthar, bainistiú fardail, dáileadh agus díol éidiú an chlub.

4. Déanfaidh Bainisteoir Éidiú an Chlub tuairisc go rialta don chisteoir.

5. Cloífidh gach soláthar éidiú club le polasaí soláthair an chlub.

6. Ionchorpróidh dearadh éidiú club aitheantas cuí dár n-urraitheoirí agus comhlíonfaidh sé aon chomhaontuithe urraíochta atá i bhfeidhm.

7. Ní cheannóidh cóitseálaithe / bainisteoirí foirne, imreoirí, baill agus daoine nach baill iad, in imthosca ar bith, éidiú an chlub iad fhéin nó gabháil i mbun plé le soláthraí gan cead sainráite ó Bhainisteoir Éidiú an Chlub.1.

8. Ba chóir d'fhoireann ar bith a dteastaíonn éidiú uathu a gcuid riachtanas a leagan amach do Bhainisteoir éidiú an Chlub lena mbreithniú.

9. Ba chóir go mbeadh sé mar pholasaí ag an chlub go gcaitheann baill éidiú club do ghníomhaíochtaí uilig an chlub.

10. Caithfidh gach dearadh agus socrú éidiú club a bheith comhoiriúnach leis an Treoir Oifigiúil.